GAELSCOIL NA FUINSEOIGE
Páirc Finsbury
Baile an Teampaill
D14 N960

F: (01) 298 9851
R: oifig@gsnafuinseoige.ie
www.gsnafuinseoige.ie
Rolla: 20487T

Polasaí Timpeallacht Inbhuanaithe

<u>Más rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Béarla mar aistriúchán.</u>

Aidhmeanna ginearálta agus dearcadh an pholasaí:

Tá sé de dhualgas ar Ghaelscoil na Fuinseoige na glúnta atá le teacht a ullmhú leis an eolas agus leis na scileanna chun acmhainní an domhain a bhainistiú go heagnaí. Ba chóir go gcuirfeadh oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe ar chumas phobal na scoile eitic shaoil a fhorbairt a léiríonn meas ar gach duine agus ar an timpeallacht nádúrtha. Agus ba chóir go gcuirfeadh sé iad ar an eolas faoi na gníomhartha ba chóir dóibh a dhéanamh le maireachtáil ar shlí níos inbhuanaithe anois agus san am atá le teacht.

Tá pobal Ghaelscoil na Fuinseoige dílis don timpeallacht a cruthaíodh thar na glúnta a chuaigh thart. Is caomhnóirí den cheantar scoile iad an scoil agus a baill agus tá siad bródúil as a dtimpeallacht fhisiceach.
Ba chóir go gcuirfeadh cur i bhfeidhm an pholasaí seo le timpeallacht a bhfuil freagracht shósialta ag baint léi agus go dtacódh sé léi. Tacaíonn an polasaí seo le héiteas ár scoile.

Aidhmeanna:

- ba mhaith go mbeadh daltaí agus foireann na scoile páirteach i dtuiscint leathan ar an tionchar atá ag ár ngníomhartha aonair ar an timpeallacht go háitiúil, go náisiúnta agus go domhanda.
- chun ardchaighdeáin chúraim a chur chun cinn dár scoil, don phobal áitiúil agus don domhan taobh amuigh.
- chun athruithe a spreagadh in iompar, chun níos mó daoine a spreagadh le bheith páirteach i bhfreagracht timpeallachta agus le cumarsáid a dhéanamh fúithi.
- chun laghdú a dhéanamh ar aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh an scoil s'againn a bheith aici ar an timpeallacht.
- chun aidhmeanna agus spriocanna soiléire a bheith leagtha amach againn le haghaidh forbairt inbhuanaithe.

Cur i bhfeidhm an Pholasaí:

<u>An Brat Glas</u>

Bronnadh an Brat Glas ar Ghaelscoil na Fuinseoige in 2020. Tuilltear agus bronntar Brait Ghlasa faoi scéim gradaim idirnáisiúnta timpeallachta oideachais na Scoileanna Glasa.

<u>Coiste Glas</u>

Tá Coiste Glas gníomhach ag Gaelscoil na Fuinseoige. Is é príomhsprioc an Choiste chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar thimpeallacht na scoile, laistigh agus lasmuigh. Oibríonn sí chun timpeallacht thaitneamhach a chur ar fáil do gach duine atá ar an gcampas seo, daltaí, múinteoirí, glantóirí agus baill eile den fhoireann.

Déanfaidh Gaelscoil na Fuinseoige iarracht an polasaí seo a chur i bhfeidhm sa tslí seo:

- **Gníomhaíochtaí Brat Glas**: beidh pobal na scoile coinneáil súil ar a spriocanna go leanúnach le cinntiú go gcoinneoidh muid an Brat Glas.
- **Comhlíonadh dlí:** comhlíonfaidh sí dlíthe timpeallachta, rialacha agus treoracha na hÉireann agus an AE.
- **Caomhnú fuinnimh:** déanfaidh sí gach iarracht laghdú a dhéanamh ar úsáid leictreachais e.g., múchfar soilse nach bhfuil in úsáid agus cuirfear lasca braiteoir uathoibríoch isteach. Cuireann an scoil rátáil fuinnimh san áireamh nuair a cheannaíonn sí earraí leictreacha.
- **Teas/Solas:** baintear úsáid as teas agus solas atá tíosach ar fhuinneamh aon áit ar féidir.
- **Athchúrsáil agus caomhnú:** faoi láthair déanann Gaelscoil na Fuinseoige athchúrsáil ar pháipéar, cairtchlár, buidéil phlaisteacha, ceallraí, cré úsáidte agus múirín. Tá boscaí bruscair athchúrsála in úsáid sna seomraí ranga ar fud na scoile.
- **Caomhnú páipéir:** déanann an scoil iarracht rudai a chur i gcló ar dhá thaobh an leathanaigh. Cabhraíonn úsáid cláir bhána agus meáin leictreonacha eile le laghdú a dhéanamh ar úsáid páipéir. Scaiptear a lán polasaithe tábhachtacha scoile anois ar shuíomh gréasáin na scoile agus ní i bhfoirm páipéir. Is féidir teacht ar nótaí múinteoirí ar google drive. Is fearr ríomhphoist a úsáid ná nótaí a chur abhaile i málaí scoile na ndaltaí.
- **Uaschúrsáil agus athúsáid táirgí:** is minic a úsáideann an Leabharlann leabhair athláimhe agus déanann sí iarracht soláthróirí áitiúla a úsáid. Cuirtear clúdaigh ar leabhair ionas go mairfidh siad níos faide. Tá Scéim Leabhair ar Cíos ag an scoil chun leabhair scoile a úsáid a oiread agus is féidir. Déantar lannú ar acmhainní teagaisc ionas go mairfidh siad níos faide agus gur féidir iad a athúsáid.
- **Bainistíocht dramhaíola:** scartar an dramhaíl (bruscar) i slí chuí, agus faightear réidh le gach cineál dramhaíola (bruscair) i gceart. Is cuid lárnach de seo é rialú bruscair: spreagtar daltaí chun bruscar a lóin a thabhairt abhaile leo. Cuirtear boscaí múirín amach sa chlós le haghaidh 'Bhriseadh na dTorthai' gach lá.
- **Caomhnú uisce**: tá buacairí brúigh-stop in úsáid sna leithris i bhfoirgneamh na scoile agus caomhnaítear uisce sa tslí sin. Spreagtar múinteoirí chun buidéil uisce in-athúsáidte a úsáid agus tá fuarán uisce ar fáil.
- **Iompar:** spreagtar úsáid iompar poiblí agus rothaíocht/siúlóid chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin a bhaineann le hiompar. Tá raca rothair ag an scoil le haghaidh úsáid daltaí agus múinteoirí. Is féidir le múinteoirí leas a bhaint as Scéim na Rothar chun Oibre.
- **Turais scoile:** baineann daltaí agus foireann Ghaelscoil na Fuinseoige úsáid as áiseanna poiblí atá faoi fhád siúil den scoil agus úsáideann siad iompar poiblí nuair is féidir. Cuireann an pobal scoile a thimpeallacht áitiúil san áireamh agus turais scoile á n-eagrú aige, e.g. Leabharlann Dhún Droma, ag baint úsáid as an LUAS le dul go lár na cathrach.
- **Soláthairtí lónadóireachta:** baineann an scoil as mugaí agus as sceanraí cruach dhósmálta le haghaidh imeachtaí, e.g. maidineacha caife agus imeachtaí foirne.
- **Bithéagsúlacht:** tá limistéar chun bláthanna fiáine a fhás i nGairdín na Scoile. Is iad na tuismitheoirí, an fhoireann agus na daltaí a thugann aire dó. Spreagann seo bithéagsúlacht i limistéar na scoile agus meallann sé beacha, éin agus feileacáin. Cuireadh crainn dúchais na hÉireann i nGairdín na scoile.

- **Polasaí ceannaigh/ soláthair:** is í an Roinn Oideachais a bhunaigh agus a mhaoiníonn Aonad Soláthair na Scoile, agus sin an acmhainn tacaíochta lárnach a chuireann treoir ar fáil dár scoil faoi aon cheist a bhaineann le soláthar.
- **Sláinte gach duine:** is féidir le gach duine sult a bhaint as tailte na scoile. Cuireann gairdín álainn na scoile go mór leis an gcampas, rud a chuireann go mór le saol agus sult daoine. Is féidir leas a bhaint as na táilte chun teagasc a dhéanamh faoin spéir nuair a bhíonn an aimsir go maith. Is féidir leis seo straitéisí teagaisc a leathnú agus tacú le cúram agus sláinte daltaí. Tá tuiscint nios mó agus suim ghníomhach ag daltaí i roghanna a bhaineann leis an timpeallacht.

Na spriocanna a bhaint amach

Chun spriocanna an pholasaí seo a bhaint amach, déanfaidh Gaelscoil na Fuinseoige na rudaí seo a leanas:

- cuirfidh sí pobal iomlán na scoile san áireamh in aon rud a dhéantar
- má dhéanann daltaí praiseach d'áit cinnteoidh sí go nglanfaidh siad suas é nuair is féidir
- leanfaidh sí leis an nasc le Scoileanna Glasa
- leanfaidh sí le spreagadh foirne chun suim a bheith acu i bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus sa timpeallacht
- cuirfidh sí béim mhór ar athúsáid agus athchúrsáil agus cuirfidh sí ceisteanna timpeallachta chun cinn i dtionóil agus nuachtlitreacha scoile
- spreagfaidh sí daltaí le páirt a ghlacadh i gcomórtais timpeallachta agus i dtaispeántais timpeallachta
- cinnteoidh sí go n-úsáidtear critéir "ghlasa", éifeachtúlacht fuinnimh san áireamh, agus go gcuirtear chun cinn iad in aon fhoirgnimh nua, nó in aon obair a bhaineann le hatógáil nó le hathchóiriú.
- ba chóir don scoil gnéithe timpeallachta na rudaí a cheannaíonn sí a chur san áireamh, úsáid agus diúscairt earraí agus seirbhísí nuair a cheannaítear iad e.g., athrú go páipéar athchúrsáilte; ceannach earraí cóirthrádála; agus bia á cheannach, is gá an "bia-aistear" a chur san áireamh agus úsáid a bhaint as soláthróirí áitiúla nuair is féidir; i gcás ábhair ghlantóireachta agus céimicí, ba chóir teacht ar ghlantaigh nach ndéanann dochar don timpeallacht nuair is féidir agus nuair atá sé praiticiúil.

Measúnú

Is féidir éifeachtacht an pholasaí seo a fheiceáil sna torthaí seo thíos:

- timpeallacht scoile atá glan gan aon bhruscar
- tailte atá slachtmhar agus tá siad lán de phlandaí agus d'éin
- coinneáil an Bhrait Ghlais agus buachan tuilleadh Brat
- laghdú ar billí le haghaidh leictreachais, breosla teasa, agus uisce agus le haghaidh diúscairt dramhaíola.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithnithe polasaí ar bhonn rialta.

Síniú: Oisín Chambers
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Dáta: 21 Aibreán, 2023

Siniú Aisling Uí Fhéich
Príomhoide

Dáta: 21 Aibreán, 2023

GAELSCOIL NA FUINSEOIGE
Páirc Finsbury
Baile an Teampaill
D14 N960

F: (01) 298 9851
R: oifig@gsnafuinseoige.ie
www.gsnafuinseoige.ie
Rolla: 20487T

Sustainable Environment Policy

Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.

General aims and philosophy of the policy:

Gaelscoil na Fuinseoige has a duty to prepare future generations with the knowledge and skills to manage the world's resources wisely. Education for sustainable development should enable the school community to develop a life ethic that values all people and the natural environment. It should further allow them to become aware of the actions that they ought to pursue in order to live more sustainably now and in the future.

The community of Gaelscoil na Fuinseoige is faithful to the environment created in the past over many generations. The school and its members are custodians of the grounds and take pride in their shared physical surroundings.
The implementation of this policy should therefore contribute to and support the provision of a pleasant and socially responsible environment. This policy supports the ethos of our school.

Objectives:

- *to engage students and staff in a wide understanding of the impact of our individual actions on the environment, locally, nationally and globally.*
- *to promote high standards of care for our school, local community and the wider world.*
- *to encourage behavioural changes, increase participation in and communication of environmental responsibility.*
- *to minimise any adverse impact of our school on the environment*
- *to set clearly defined sustainable development objectives and targets.*

Policy Implementation

The Green Flag

Gaelscoil na Fuinseoige was awarded its Green Flag in 2020. This flag was achieved specifically for recycling efforts in the school. Green Flags are earned and presented under the Green-Schools international environmental education award scheme.

Coiste Glas:

Gaelscoil na Fuinseoige has an active Coiste Glas. The main goal of the Coiste is to improve the environment of the school, both inside and out. It works at building a pleasant environment for all who share this campus, be they pupils, teachers, cleaners or other staff.

Gaelscoil na Fuinseoige will endeavour to implement this policy by means of the following:

- ***Green Flag activities****: the school community will continually monitor its goals to ensure the Green Flag award is maintained.*
- ***Legal compliance:*** *it will comply with relevant Irish and EU environmental laws, regulations and directives.*
- ***Energy conservation:*** *it will strive to reduce the use of electricity e.g., by switching off lights when not in use and using automatic sensor switches. The school considers the energy rating when purchasing electrical items.*
- ***Heating/lighting:*** *ensure energy efficient heating and lighting is used where ever possible.*
- ***Recycling and Conservation:*** *Gaelscoil na Fuinseoige currently recycles paper, cardboard, plastic bottles, batteries, used garden bulks and compost. Recycle bins are in use in classrooms throughout the school.*
- ***By conserving paper:*** *The school endeavours to print on both sides of paper. The use of whiteboards and other electronic media is helping reduce the use of paper. Many important school policies are now shared via the school website rather than in paper form. Teachers' notes are accessible via google drive. The use of emails is preferable to sending notes home in schoolbags.*
- ***Upcycling and Reuse of products:*** *The Library often use**s** second hand books and tries to use local suppliers. Books are covered so they last longer. The School operates the Book Rental Scheme to reuse school books as much as possible. Teaching resources are laminated so that they last longer and can be reused.*
- ***Waste Management:*** *waste is segregated appropriately, and disposal of each type of waste is done correctly. Litter control is an integral part of this: students are encouraged to take rubbish from their lunch home. Compost bins are brought out to yard for 'Briseadh na dTorthai' each day.*
- ***Water Conservation****: water is conserved by the use of push taps in the toilets in the school building. Teachers are encouraged to use reusable water bottles and water fountain is provided.*
- ***Transport:*** *reduction in transport-related carbon emissions is promoted by encouraging the use of public transport and cycling / walking. The school has a bicycle rack for student and teacher use. Teachers are welcome to avail of the Bike to Work Scheme.*
- ***School Trips:*** *Gaelscoil na Fuinseoige students and staff make use of local amenities which are within walking distance and use public transport when possible. The school community appreciates its local environment when planning school trips, e.g. Dundrum Library, using the LUAS to go to the city centre.*
- ***Catering supplies:*** *the school uses mugs and stainless steel cutlery for catering events, e.g. coffee mornings, staff events.*
- ***Biodiversity:*** *The School Garden has a designated wildflower regeneration area. It is maintained by parents, staff and students. This encourages biodiversity in the school grounds and attract bees, birds and butterflies. Native Irish trees have been planted in the school garden.*
- ***Purchasing Policy / Procurement:*** *The Schools Procurement Unit (SPU), established and funded by the Department of Education and Skills, is the central support resource for providing guidance to our school on any procurement related issue.*

- ***Wellbeing of all:*** *The grounds can be enjoyed by all. The campus is further developed for the betterment and enjoyment of all by the beautiful school garden. The grounds lend themselves to outdoor teaching when the conditions are favourable. This can support student care and wellbeing and broaden teaching strategies. Students have a greater awareness and an active interest in Environmental options.*

Achieving the Objectives

To achieve the objectives of this policy Gaelscoil na Fuinseoige will:

- *involve the whole school community*
- *ensure that those who create a mess clear it up when possible*
- *continue our Green-Schools involvement*
- *continue to encourage staff to engage in CPD on the topic of sustainability and the environment*
- *give re-use and recycling a high profile and include environmental issues in school assemblies and newsletters*
- *encourage participation in environmental competitions, exhibitions*
- *ensure that "green" criteria, including energy efficiency, are used and promoted in any new buildings, re-builds/restoration work.*
- *The school should consider the environmental aspects of the acquisition, use and disposal of goods and services when these are purchased e.g., switching to recycled paper; purchasing Fair Trade goods; when purchasing food, take "food miles" into account and use local suppliers where possible; for cleaning materials and chemicals eco- friendly detergents should be sourced where possible and practical.*

Evaluation

The effectiveness of this policy can be judged from the following indicators:

- *a litter-free, clean school environment*
- *grounds are well maintained and thriving in terms of plant and bird life*
- *the retention of the Green Flag and the obtaining of further Flags*
- *reduced bills for electricity, heating fuel, and water and for waste disposal.*

Policy reviews will be organised by the Board of Management on a regular basis.

Signed Oisín Chambers ***Date***: *21 April, 2023*
Chairperson, Board of Management

Signed: Aisling Ní Fhiaich ***Date:*** *21 April, 2023*
Principal